# **Tuarascáil Bhliantúil** 2011

## Achoimre (GA)



EUROPEAN INSURANCE
AND OCCUPATIONAL PENSIONS AUTHORITY

# Achoimre



## Achoimre

L'année 2011 a marqué le début des activités de l'AEAPP en tant qu'autorité européenne de surveillance. Les priorités de l'AEAPP en 2011 concernaient les domaines suivants:

1. Solvabilité II,
2. les retraites professionnelles,
3. la protection des consommateurs et l'innovation financière,
4. les collèges de contrôleurs et la gestion et la résolution des crises transfrontières,
5. la stabilité financière.

eiopa
EUROPEAN INSURANCE
AND OCCUPATIONAL PENSIONS AUTHORITY

# Achoimre

## 1. Sócmhainneacht II

In 2011, dhírigh ÚÁPGE ar an tacar deiridh de bhearta rialála a ullmhú do Shócmhainneacht II, na caighdeáin agus treoirlínte dréachta.

Ceann de phríomhéachtaí ÚÁPGE in 2011 ba ea an tuarascáil ar an gCúigiú Staidéar Cainníochtúil (QIS5) ina ndéantar achoimre ar thionchar féideartha na mbeart forfheidhmithe atá sonraithe ann do dhréachtú an chreata rialála Sócmhainneacht II. Tá QIS 5 ar an staidéar is uaillmhianaí agus is cuimsithí dá comhlíonadh riamh san earnáil airgeadais, le hos cionn 2 500 eintiteas agus 100 maoirseoir ós na ballstáit agus ó ÚÁPGE rannpháirteach go díreach ann, iad ag oibriú le chéile ar feadh tréimhse bliana geall leis.

Sheol ÚÁPGE comhairliúcháin oifigiúla poiblí in 2011 in dhá réimse ina raibh plé leis an tionscal agus ullmhú ag an tionscal thar a bheith tábhachtach. Bhain na comhairliúcháin seo le caighdeáin agus treoirlínte dréachta maidir le tuairisciú agus nochtadh, agus ar threoirlínte i ndáil le Féinmheasúnú Sócmhainneachta agus Riosca (ORSA).

Ag deireadh na bliana 2011, chuir ÚÁPGE comhairle bhreise ar an gCoimisiún Eorpach maidir le calabrú an mhodúil um fhrithghealladh riosca neamhshaoil. I réimse an riosca tubaiste, rinne ÚÁPGE a mholadh deiridh i ndáil leis na bearta forfheidhmithe do roinnt saincheisteanna riosca tubaiste neamhshaoil agus sláinte gan réiteach.

Chuir roinnt tascfhórsaí críoch lena gcuid oibre in 2011, agus dá réir foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas: 'Calabrú na dTosca Riosca Bisigh agus Cúlchiste san Fhoirmle Chaighdeánach um Shócmhainneacht II' [Calibration of the Premium and Reserve Risk Factors in the Standard Formula of Solvency II] agus 'Tuarascáil an Tascfhórsa ar Bhrabúis Ionchasa ag eascairt ó Phréimheanna na Todhchaí' [Report of the Task Force on Expected Profits arising from Future Premiums].

Ar deireadh, ó bunaíodh Grúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais ÚÁPGE, tá tairbhe bainte ag ÚÁPGE as a gcuid saineolais agus a raon fairsing tuairimí agus leasanna, agus bhí a chomhaltaí rannpháirteach go gníomhach i mórghnéithe de chuid Sócmhainneacht II.





## 2. Pinsin ghairme

Bhain obair ÚÁPGE ar phinsin ghairme in 2011 le freagra ÚÁPGE a fhorbairt ar an nGlao ar Chomhairle ón gCoimisiún Eorpach ar an athbhreithniú ar Threoir 2003/41/CE maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht na n-institiúidí um sholáthar scoir gairme (Treoir IORP).

Leithdháileadh an obair ar an nGlao ar Chomhairle ar cheithre fhoghrúpa, iad uile ag obair go comhthreomhar lena chéile, ach iad uile ag tuairisciú chuig Coiste na bPinsean Gairme (OPC).

In 2011, chríochnaigh ÚÁPGE roinnt tuarascálacha bunaithe ar shuirbhéanna ar riachtanais thuairiscithe, rioscaí bainteach le scéimeanna RS agus ar eolas réamh-rollaithe. Stiúradh na suirbhéanna seo chun bunús coiteann teicniúil a sholáthar i ndáil le freagra a thabhairt ar an nGlao ar Chomhairle. Le linn 2011, chomhlíon ÚÁPGE dhá chomhairliúchán poiblí maidir lena dhréacht-chomhairle. Bhí an chéad ceann acu ar bun idir 8 Iúil 2011 agus 15 Lúnasa 2011 ar ghnéithe ar leith den Ghlao ar Chomhairle. Bhí an dara ceann ar bun idir 25 Deireadh Fómhair 2011 agus 2 Eanáir 2012 agus bhain sé leis an dréacht-chomhairle ina iomláine.

Chuir ÚÁPGE a ionchur i ndáil le riachtanais sonraí don IORP isteach chuig an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) i rith na bliana 2011 chomh maith lena thuarascáil atréimhseach ar fhorbairtí margaidh a fhoilsiú.

## 3. Nuálaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí

Ón tús ar fad tá ÚÁPGE tar éis glacadh le cosaint tomhaltóirí mar bhunchloch a chuid oibre agus réimse ina gcaithfear difríocht a dhéanamh ann, agus tá ÚÁPGE réamhghníomhach sa réimse um chosaint tomhaltóirí agus nuálaíocht airgeadais.

Le linn 2011, d'ullmhaigh an tÚdarás 'An Moladh do Threoirlínte um Dhéileáil le Gearáin ag Gnóthais Árachais' [The Proposal for Guidelines on Complaints-Handling by Insurance Undertakings], an 'Tuarascáil ar Dhea-Chleachtais ag Gnóthais Árachais maidir le déileáil le gearáin' [the Report on Best Practices by Insurance Undertakings in handling complaints] agus chríochnaigh sé 'Tuarascáil ar Litearthacht Airgeadais agus ar Thionscnaimh Oideachais ag Údaráis Inniúla' [Report on Financial Literacy and Education Initiatives by Competent Authorities]. Bhailigh ÚÁPGE sonraí freisin ar threochtaí tomhaltóirí i measc a chomhaltaí chun forbhreathnú tosaigh a ullmhú, ag déanamh anailísiú agus ag tuairisciú ar na treochtaí sin.

Sholáthair an tÚdarás ionchur ábhartha chomh maith d'athbhreithniú an Choimisiún Eorpaigh ar an Treoir Idirghabhála Árachais (IMD) trí shuirbhé fairsing a chomhlíonadh ar smachtbhannaí i ndáil le sáruithe na bhforálacha IMD (coiriúla agus riaracháin araon) a ndéantar foráil dóibh i ndlíthe náisiúnta.

Bhí tiomantas seachtrach, lena n-áirítear leas á bhaint as ionchur saineolaíoch an dá Ghrúpa Geallsealbhóirí de chuid ÚÁPGE chomh maith leis an gcéad 'Lá Straitéise Tomhaltóirí' a bheith á thionól, ríthábhachtach freisin do ÚÁPGE i ndáil lena chuid spriocanna a bhaint amach in 2011.



[1] Féadfar breathnú ar an bhfoilseachán seo agus cinn eile ar láithreán gréasáin ÚÁPGA faoi 'Foilseacháin' [Publications].



## 4. Coláistí na Maoirseoirí agus réiteach agus bainistíocht géarchéime trasteorann

Tá níos mó ná obair rialála i gceist le tascanna ÚÁPGE, agus ina measc tá freagrachtaí ríthábhachtacha maoirseachta, lena n-áirítear ról feabhsaithe mar chomhaltaí de na coláistí maoirseoirí éagsúla.

Is cuspóir iomlán straitéiseach de chuid ÚÁPGE é oibriú chun staid phobal maoirseachta an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh (LEE) a chomhdhlúthú vis-à-vis grúpaí árachais ag feidhmiú trasteorann chun tairbhe maoirseachta grúpa agus aonair. In 2011, bhí tuairim agus 89 grúpa árachais le gnóthais trasteorann cláraithe san LEE. I gcaitheamh na bliana, i gcás ar a laghad cruinniú nó físchomhdháil amháin a bheith acu eagraíodh Coláistí na Maoirseoirí do 69 grúpa. Ar an iomlán bhí 14 údarás maoirseachta náisiúnta i mbun feidhme mar mhaoirseoirí grúpa chun na himeachtaí a eagrú. Le linn céim an bhunaithe sa chéad bhliain tar éis a bhunaithe, d'fhreastail ÚÁPGE ar chruinnithe Coláiste agus/nó ar fhíschomhdhálacha de chuid 55 grúpa.

Go luath sa bhliain 2011, d'fhorbair ÚÁPGE i gcomhar leis na hÚdaráis Eorpacha Maoirseachta (ESAanna) eile tacar nósanna imeachta eatramhacha chun déileáil le cásanna éigeandála. Ainmníodh saineolaí náisiúnta ar iasacht um bainistíocht géarchéime i Márta 2011, agus ansin thosaigh ÚÁPGE ag obair ar chreat buan um bainistíocht géarchéime a fhorbairt. Cuid lárnach de seo ba ea beartas straitéiseach um bainistíocht géarchéime a fhorbairt. Ag deireadh na bliana 2011 sheachaid Tascfhórsa ar Bhainistíocht Géarchéime creat cuimsitheach cinnteoireachta ar chosc géarchéime agus bainistíocht géarchéime.

## 5. Cobhsaíocht airgeadais

Ba théama coiteann de thionscnaimh chobhsaíochta airgeadais ÚÁPGE in 2011 iad treochtaí, rioscaí féideartha agus leochailleachtaí ag eascairt ó fhorbairtí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha a aithint ag céim luath, agus, de réir mar a bhí sé riachtanach, na hinstitiúidí ábhartha AE a chur ar an eolas. Baineadh é seo amach trí mhonatóireacht margaidh ar leith agus rialta, comhroinnt eolais agus plé ar bhearta maolaithe sa Choiste um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC). Ag teacht leis an gcuspóir seo, bhunaigh FSC de chuid ÚÁPGE a chéad phainéal riosca (píolótach) i nDeireadh Fómhair 2011, inar cuimsíodh tacar coiteann de tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a chabhraíonn chun riosca sistéamach a aithint agus a thomhas. Déanfar forbairt níos mó ar an bpainéal seo mar chuid de chomhiarracht idir na ESAanna agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).

I gcaitheamh na bliana 2011 bhí ÚÁPGE ina chomhalta gníomhach de Choiste Stiúrtha BERS a bunaíodh d'fhonn cúnamh a thabhairt do phróiseas cinnteoireachta an BERS. Bhí ÚÁPGE páirteach freisin i gCoiste Teicniúil Comhairleach (ATC) de chuid BERS agus a fhochoistí teicniúla agus é mar phríomhchuspóir acu díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha sistéamacha féideartha a aithint in earnálacha an árachais agus na nIORPanna. Ina theannta sin, bhí ÚÁPGE rannpháirteach i gcomhghrúpa saineolaíoch an ATC agus an Coiste Teicniúil Eolaíoch (ASC) ag déileáil le cóireáil rialála na neamhchosaintí ceannasacha.

In 2011, shínigh na trí ESAanna agus an BERS "Comhaontú i ndáil le sain-nósanna imeachta rúndachta a bhunú ag Rúnaíocht BERS d'fhonn eolas a bhaineann le hinstitiúidí indibhidiúla airgeadais chomh maith le heolas óna bhféadfaí institiúidí indibhidiúla airgeadais a aithint, a chosaint" [Agreement on the establishment at the ESRB Secretariat of specific confidentiality procedures in order to safeguard information regarding individual financial institutions and information from which individual financial institutions can be identified].

Thosaigh ÚÁPGE ag dearadh bunachar sonraí de shonraí reatha agus stairiúla IORPanna agus ghnóthais árachais agus athárachais san Aontas Eorpach.

Le linn 2011, rinne ÚÁPGE tástálacha struis comhchuibhithe, pan-Eorpacha, buntoraidh agus íseal-toraidh ar son na hearnála árachais i gcomhar le BERS, an BCE agus an ÚEB.

In Iúil agus Nollaig 2011, d'fhoilsigh ÚÁPGE a dhá Thuarascáil leathbhliantúil ar Chobhsaíocht Airgeadais inar sonraíodh iontu measúnú ar fhóntacht gheilleagrach árachas agus athárachas Eorpach agus IORPanna Eorpacha. I Nollaig 2011, chuir ÚÁPGE tacar de theimpléid tuairiscithe faoi chomhairliúchán poiblí, teimpléid atá riachtanach chun measúnú rialta a dhéanamh ar rioscaí earnála agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí airgeadais chomh luath agus a thagann Sócmhainneacht II i bhfeidhm.

**Cumarsáid seachtrach**

Ceann de thascanna nua ÚÁPGE is ea idirphlé agus comhoibriú a chothú le maoirseoirí lasmuigh den Aontas Eorpach. I gcaitheamh na bliana 2011, bhí ÚÁPGE in ann comhchaidrimh bunaithe a neartú, idirphlé agus teagmhálacha nua rialála agus maoirseachta ÚÁPGE a thionscain chomh maith le bheith rannpháirteach go gníomhach in obair um leagan cáilíochtaí idirnáisiúnta, mar aon le hullmhú le haghaidh fáilte a chur roimh breathnóir nua ÚÁPGE in 2012 – Gníomhaireacht Maoirseachta Sheirbhísí Airgeadais na Cróite (CFSSA). Ina theannta sin, rinneadh na chéad dréacht-tuarascálacha ar mheasúnuithe comhionannais de thrí dhlínse (an Eilvéis, Beirmiúda agus an tSeapáin) a sheachadadh in am trátha chuig an gCoimisiún Eorpach.

Lean ÚÁPGE ar aghaidh lena ghníomhaíochtaí bainteach le cóineasú agus cultúr maoirseachta trí chlár dea-bhunaithe oiliúna a thairiscint. In 2011, stiúir ÚÁPGE agus údaráis maoirseachta eile 21 seimineár trasearnála agus earnála. Ina theannta sin, d'eagraigh ÚÁPGE 3 himeacht poiblí, cosúil leis an gComhdháil Bhliantúil de chuid ÚÁPGE, an Chomhdháil idirnáisiúnta ar Mhaoirseacht Ghrúpaí Árachais Trasatlantacha agus Lá Straitéise Tomhaltóirí de chuid ÚÁPGE, a bhí oscailte freisin do rannpháirtithe tionscail agus cumainn geallsealbhóirí. Bhí os cionn 1 240 ionadaí ó údaráis mhaoirseachta agus ó thionscail i láthair ag gníomhaíochtaí oiliúna ÚÁPGE agus ag imeachtaí poiblí i gcaitheamh na bliana 2011.

Ina ghníomhaíochtaí cumarsáide poiblí, dhírigh ÚÁPGE ar shaincheisteanna éagsúla teicniúla agus dlíthiúla a bhaineann lena phríomhréimsí gníomhaíochta a mhíniú: árachas, Sócmhainneacht II, IORPanna, cosaint tomhaltóirí, cobhsaíocht airgeadais, nuálaíocht airgeadais, agus soiléiriú a dhéanamh ar ról na nÚdarás Maoirseachta Eorpacha (ESAanna) nua. Ag deireadh 2011, bhunaigh ÚÁPGE beolíne r-phoist speisialta d'fhiosrúcháin ón bpobal.

In 2011, bhí ionadaithe bainistíochta ÚÁPGE i láthair ag 42 comhdháil, cruinnithe comhchéime agus imeachtaí poiblí eile agus rinne siad 28 aitheasc agus cur i láthair. Bhí 34 cruinniú acu chomh maith le hionadaithe tionscail agus le húdaráis rialála idirnáisiúnta. Tá méadú tagtha ar an spéis léirithe ag meáin na hEorpa i gCóras Eorpach na Maoirseachta Airgeadais (CEMA), agus go háirithe maidir le gníomhaíochtaí ÚÁPGE. Thug ÚÁPGE 35 agallamh do roinnt ionadaithe ó na meáin, agus láimhseáil Preasoifig ÚÁPGE 248 fiosrúchán de chuid na meán. I measc a chuid gníomhaíochtaí caidrimh leis na meáin, d'eagraigh ÚÁPGE ceithre hagallamh agus chruinniú preasa, agus d'eisigh sé 32 eisiúint phreasa agus idirlín.

Le linn 2011, d'ullmhaigh ÚÁPGE 20 tuarascáil agus aighneacht ar shaincheisteanna ábhartha dírithe ar lucht gairmiúil agus institiúidí AE. In 2011, thug 150 514 cuairteoir indibhidiúil cuairt ar láithreán gréasáin ÚÁPGE, breathnaíodh ar 5 048 246 leathanach agus cuireadh 40 foláireamh r-phoist go síntiúsóirí.

**Forbairtí eagraíochtúla**

I dtéarmaí saincheisteanna eagraíochtúla, bhí earcaíocht ar cheann de na príomhréimsí oibre do ÚÁPGE le linn 2011. Ar an 1 Eanáir 2011, bhí 27 comhalta ag ÚÁPGE; chríochnaigh sé an bhliain le 56 comhalta, lena n-áirítear roinnt saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Tháinig beirt cheann aonaid ar bord leis an bhfoireann bhainistíochta, á méadú dá réir.

Garsprioc thábhachtach eile a baineadh amach ba ea forfheidhmiú na rialacha éagsúla bainteach leis an gcreat nua ina mbeidh ar ÚÁPGE, mar Údarás Eorpach, feidhmiú, agus comhlíonadh é sin go comhthreomhar leis an obair theicniúil réamhluaite gan aon chur isteach míchuí.




**Spriocanna straitéiseacha don bhliain le teacht**

In 2011, shainmhínigh ÚÁPGE na roghanna straitéiseacha seo a leanas i ngach ceann de na réimsí gníomhaíochta difriúla.

I ndáil le rialúchán, déanfaidh an tÚdarás tréaniarracht:

- cur le próiseas an AE um leagan cáilíochtaí i réimse árachais agus maoirseachta IORPanna;
- dréacht-chaighdeáin theicniúla cheangailteacha rialála agus forfheidhmithe a fhorbairt bunaithe ar na hachtanna reachtaíochta a ndéantar tagairt dóibh in Airteagal 1(2) den Rialachán ÚÁPGE;
- treoirlínte agus moltaí a eisiúint agus é i gceist cur chun feidhme coiteann, comhionann agus comhsheasmhach dhlí an AE a chinntiú agus cleachtais mhaoirseachta éifeachtúla agus éifeachtacha a bhunú;
- comhairle a sholáthar d'fhorbairt chreat riosca-bhunaithe AE i réimse na nIORPanna;
- comhairle a sholáthar chun creat AE a fhorbairt do chosc géarchéime, do bhainistíocht agus do réiteach in oiriúint do nádúir na samhla gnó árachais;
- comhairle a sholáthar ar an gcreat AE is infheidhme ar ilchuideachtaí airgeadais trí obair Chomhchoiste na nÚdarás Eorpach Maoirseachta;
- tuairimí, de réir réimsí inniúlachta an údaráis, a sholáthar do na hinstitiúidí AE, ar iarraidh dó nó ar a thionscain féin dó;
- cuidiú le rialachán níos fearr san AE trí mhodheolaíochtaí iomchuí um measúnú tionchair a úsáid d'fhorbairt a chuid oibre rialála.

I ndáil le maoirseacht, déanfaidh an tÚdarás tréaniarracht:

- malartú na faisnéise agus sonraí ábhartha laistigh de Choláistí na Maoirseoirí a éascú agus a ghlacadh;
- maoirsiú agus feabhsú a dhéanamh ar fheidhmiú Choláistí na Maoirseoirí;
- plean foriomlán gníomhaíochta bliantúil a shainiú do Choláistí na Maoirseoirí agus monatóireacht a dhéanamh ar a fhorfheidhmiú;
- creat coiteann a bhunú d'fhonn an próiseas athbhreithnithe maoirseachta faoi Shócmhainneacht II a fhorfheidhmiú le go gcothófaí cóineasú maoirseachta;
- creat oibriúcháin a chuimsíonn meicníochtaí comhoibrithe a fhorbairt idir ÚÁPGE agus na húdaráis náisiúnta maoirseachta d'fhonn cuidiú leis an mbainistíocht géarchéime comhleanúnach agus comhordaithe san Aontas Eorpach;
- athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas na n-údarás náisiúnta maoirseachta i ndáil leis na caighdeáin ábhartha theicniúla rialála agus forfheidhmithe, agus i ndáil leis na treoirlínte agus moltaí eisithe ag ÚÁPGE;
- athbhreithnithe piaraí a eagrú agus a stiúradh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta maoirseachta i réimsí an árachais agus na nIORPanna araon, le comhdhlúthú breise a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na dtorthaí maoirseachta.

I ndáil le cosaint tomhaltóirí, déanfaidh an tÚdarás tréaniarracht:

- cosaint na sealbhóirí polasaí, na gcomhaltaí scéime pinsin agus na dtairbhithe a chothú trí thrédhearcacht, simplíocht agus cothroime a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar eolas níos caighdeánaithe agus níos comparáidí ar rioscaí agus costas táirgí, ar riachtanais ábhartha rialála agus ar nósanna imeachta um láimhseáil gearán;
- feabhas a chur ar chosaint do thomhaltóirí trí mhodheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt do mheasúnú a dhéanamh ar an éifeacht ag sainghnéithe táirgí agus ag próisis dáilte, ní hamháin ar chosaint tomhaltóirí, ach ar staid airgeadais na n-institiúidí airgeadais freisin;
- rabhadh a eisiúint maidir le gníomhaíochtaí airgeadais ar leith nó iad a chosc nó a shrianadh go sealadach, de réir mar is cuí;
- eolas a bhailiú, a anailísiú agus a thuairisciú maidir le treochtaí tomhaltóirí trí rioscaí saintomhaltóra a shainiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go n-áiríonn institiúidí airgeadais go cuí na rioscaí a bhaineann le cosaint do thomhaltóirí;
- cuidiú le hobair earnála bhreise i ndáil le díol agus margaíocht táirgí árachais agus, i gcomhthéacs tras-earnála trí Chomhchoiste na nÚdarás Eorpach Maoirseachta, táirgí infheistíochta miondíola, lena chinntiú go ndéantar na gnéithe ar leith d'earnáil an árachais a mheas go cuí;
- íoschaighdeáin a fhorbairt d'oiliúint agus d'inniúlacht bhall foirne ábhartha na n-institiúidí airgeadais a bhíonn i dteagmháil le tomhaltóirí agus a chinntiú go ndéantar coinbhleachtaí leasa a sheachaint nó a mhaolú;
- cuidiú le litearthacht agus oideachas airgeadais thomhaltóirí trí eolas a sholáthar ar róil agus ar fhreagrachtaí mhaoirseoirí náisiúnta agus tomhaltóirí a threorú chuig ábhar úsáideach airgeadais;
- iarracht a dhéanamh ar thomhaltóirí a chumasú go dóthanach trí thacú le próisis cúitimh éifeachtacha tomhaltóirí a bhunú, in institiúidí airgeadais agus i dtéarmaí rochtain ar mheicníochtaí inniúla ábhartha um réiteach díospóide;
- cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá do líonra Eorpach de scéimeanna ráthaithe árachais náisiúnta atá maoinithe agus comhchuibhithe go dóthanach.

I ndáil le cobhsaíocht airgeadais, déanfaidh an tÚdarás tréaniarracht:

- treochtaí, rioscaí féideartha agus leochaileachtaí a aithint bunaithe ar eolas bailithe ó mhaoirseacht mhionstuamachta mhargaí árachais agus margaí IORPanna;
- creatlacha um thástáil struis a fhorbairt agus na cleachtaí sin a stiúradh ag amanna rialta is é mar chuspóir leochaileachtaí a aithint, cobhsaíocht mhargaidh a thástáil agus aon imeachtaí riosca sistéamacha a anailísiú agus a mhaolú;
- cuidiú le haithint tras-earnála na rioscaí agus leochaileachtaí sa chóras airgeadais trí obair Chomhchoiste na nÚdarás Eorpach Maoirseachta;
- forbairt a dhéanamh, i gcomhar le BERS, ar chritéir chuí chun riosca sistéamach a aithint agus monatóireacht a dhéanamh air;
- monatóireacht, measúnú agus tuairisciú ar fhorbairtí a bhaineann le cobhsaíocht na margaí airgeadais ina réimse inniúlachta, ag úsáid eolas ar fáil don phobal agus eolas a bailíodh ó údaráis náisiúnta maoirseachta;
- a bheith rannpháirteach in obair BERS lena chinntiú go ndéantar saintréithe ar leith de na hearnálacha árachais agus earnálacha IORP a chur san áireamh go cuí;
- comhoibriú go dlúth le BERS tríd an eolas atá riachtanach do ghnóthú a thascanna a sholáthar agus trína chinntiú go mbeidh rabhaidh agus moltaí cuí leantacha ann ina dhiaidh sin.

I réimse an chaidrimh sheachtraigh, déanfaidh an tÚdarás tréaniarracht:

- teagmhálacha a fhorbairt agus dul i mbun socruithe riaracháin le húdaráis mhaoirseachta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus riaracháin na dtríú tíortha, laistigh de chreat dlíthiúil an Rialacháin ÚÁPGE;
- measúnú a dhéanamh ar réimis mhaoirseachta thríú tíortha d'fhonn ullmhú le haghaidh cinntí comhionannais á nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach;
- cuidiú le caighdeáin fhónta idirnáisiúnta a fhorbairt in earnálacha árachais agus earnálacha IORP;
- comhchaidrimh dhéthaobhacha le tríú tíortha a dhaingniú, eadhon iad sin faoi réir mheasúnaithe comhionannais.